

Fiontar & Scoil na Gaeilge

# LÁMHLEABHAR PHD

OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

DCU
Ollscoil Chathair
Bhaile Átha Cliath
Dublin City University

## Clár


*1. Fáilte ........ 3*

*2. Maidir leis an Scoil ........ 3*

*3. Déan teagmháil linn ........ 4*

*4. Ag staidéar don chéim PhD ........ 5*

*5. Dul Chun Cinn Acadúil le linn do Thréimhse Chlárúcháin ........ 6*

5.1 Ag clárú den chéad uair ........ 6

5.2 Athbhreithniú Bliantúil ar Dhul Chun Cinn (PGR2) ........ 6

5.3 Aistriú chuig an gClár PhD (PGR3) ........ 7

5.4 Rún chun do thráchtas a leagan isteach le haghaidh Scrúdaithe (PGR4) ........ 7

*6. Eolas Úsáideach Eile ........ 8*

Do chuid Freagrachtaí mar mhac léinn PhD ........ 8

Ról Do Stiúrthóra (Stiúrthóirí) ........ 8

Ag glacadh leis an gCultúr Taighde sa Scoil ........ 9

Do Chéim Taighde a Mhaoiniú ........ 9

**Aguisín: Structured Doctoral Pathway 2023-24**

# 1. Fáilte

Fáilte go Fiontar & Scoil na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá an-áthas orainn gur shocraigh tú ar do chúrsa staidéir don chéim PhD linne. Tá súil againn go mbeidh do chuid ama linn spreagúil go hintleachtúil, go mbraithfidh tú mar dhlúthchuid dár líon taighdeoirí iarchéime agus go gcuirfidh tú le clú na Scoile. Toisc go bhféadfadh tú a bheith i do mhac léinn nua in DCU agus ar bheagán eolais ar an gcúrsa staidéir atá riachtanach don chéim PhD, tá sé tábhachtach go mbeadh tú eolach ar struchtúir acadúla na hOllscoile. Tá an Lámhleabhar seo leagtha amach chun tú a threorú chuig na príomhfhoinsí eolais riachtanacha a chabhróidh leat socrú isteach mar aon le dul chun cinn a dhéanamh i do chuid staidéir. Tá an chuid is mó den eolas seo ar fáil ar shuíomh Gréasáin DCU agus déantar é a nuashonrú go rialta. Tá naisc curtha ar fáil thíos sna háiteanna cuí mar eolas.

Teastaíonn uainne sa Scoil go dtaitneoidh do thréimhse taighde linn agus tá súil againn go mbainfidh tú idir thairbhe agus shásamh aisti. Tá acmhainní na Scoile ar fáil duit aon uair a theastaíonn siad uait. Táimid ag tnúth le bheith ag obair leat sna blianta beaga amach romhainn mar chuid dár bpobal léinn, pobal atá ag bláthú anseo in Fiontar & Scoil na Gaeilge.

*An Dr Ciarán Mac an Bhaird, Ceann na Scoile.*

# 2. Maidir leis an Scoil

Tá Fiontar & Scoil na Gaeilge ar cheann de sheacht Scoil i nDámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta. Tháinig sé ar an bhfód in 2016 nuair a cruthaíodh an Dámh méadaithe, a thug baill foirne ó institiúidí éagsúla le chéile. Mar thoradh ar theacht le chéile na bhfoirne a d’oibrigh, roimh an Ionchorprú, in Fiontar ar Champas Ghlas Naíon agus i Roinn na Gaeilge i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, cruthaíodh Scoil atá uathúil in Éirinn ina réimse idirdhisciplíneach agus ina cumas taighde, agus tugtar aitheantas, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, dár bhfoireann mar shaineolaithe ina gcuid réimsí léinn.

Tá an Scoil tiomanta don chaighdeán is airde sa teagasc agus sa taighde araon. Ó 2016, táimid tar éis fás go gasta, le baill foirne agus cláir nua, agus líon méadaithe mac léinn. Ag leibhéal na fochéime táimid ag múineadh mac léinn ar na cláir BA Gnó & Gaeilge agus BA Gaeilge, Iriseoireacht agus na Meáin Dhigiteacha, chomh maith le mic léinn ar na cláir Baitsiléir Ealaíon (Comh-Onóracha) agus Baitsiléir san Oideachas.

Bíonn baill foirne acadúla sa Scoil i mbun taighde thar raon leathan disciplíní ina bhfuil próifílí agus saineolas aitheanta bainte amach acu. Féadfaidh tú spléachadh a fháil ar an saineolas sin ar shuíomh na Scoile. Cuirimid cultúr taighde chun cinn a spreagann malartú intleachtúil agus comhoibriú idir baill foirne agus mic léinn taighde thar dhisciplíní éagsúla. Sampla maith de seo is ea sraith Seimineár Taighde na Scoile a reáchtáiltear i rith na bliana acadúla, a eagraíonn Tionólaí Taighde na Scoile. Soláthraíonn sé fóram d’fhoireann, do mhic léinn agus do scoláirí ar cuairt chun torthaí a gcuid taighde a chur i láthair agus tuairimí spreagúla intleachtúla a mhalartú.

## 3. Déan teagmháil linn

Tá Oifig na Scoile ag Fiontar & Scoil na Gaeilge i Seomra S116 ar an dara hurlár den Teach Sinsearach ar Champas na Naomh Uile i nDroim Conrach. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Aoife Curtis, Rúnaí na Scoile, ag (01) 700 5614 nó aoife.curtis@dcu.ie agus beidh sí in ann go leor buncheisteanna a bhaineann le gnóthaí acadúla na Scoile a fhreagairt nó tú a threorú chuig baill foirne chuí má theastaíonn a thuilleadh eolais uait.

Maidir le ceisteanna faoi do chúrsa staidéir acadúil, is é do PhríomhStiúrthóir do chéad phointe teagmhála i gcónaí ach má bhaineann an fiosrú le saincheist riaracháin, seo chugat teagmhálacha úsáideacha eile: an Dr Éadaoin Ní Mhuircheartaigh, Tionólaí Taighde na Scoile, agus an Dr Pádraig Ó Liatháin, Oifigeach na Mac Léinn PhD sa scoil.

Gheobhaidh tú a thuilleadh eolais freisin faoi ghnéithe de do chúraimí mar mhac léinn dochtúireachta ar Leathanach na Mac Léinn Taighde de chuid Dámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta. Cuireann baill foirne acadúla in Fiontar & Scoil na Gaeilge fáilte roimh gach ceist a bhaineann le gnéithe de chúrsa staidéir na mac léinn agus freagróidh siad go gasta aon iarratas ar choinne.

Is iad seo a leanas ár bhfoireann acadúil:

An Dr Ciarán Mac an Bhaird (Ceann na Scoile)

An tOllamh Ciarán Mac Murchaidh

An Dr Úna Bhreathnach

An Dr Éadaoin Ní Mhuircheartaigh

An Dr Síle Denvir

An Dr Mairéad Nic Giolla Mhichíl

An Dr Colin Flynn

An Dr Caoimhe Nic Lochlainn

An Dr Deirdre Nic Mhathúna

An Dr Uáitéar Mac Gearailt

An tUasal Colm Ó Ciardubháin

An Dr Seán Mac Risteaird

An Dr Pádraig Ó Liatháin

An tUasal Eoghan McConalogue

An Dr Brian Ó Raghallaigh

An Dr Emer Ní Bhrádaigh

An Dr Gearóidín Uí Laighléis

An Dr Caitríona Ní Chléirchín

An Dr Pádraig Ó Catháin

An Dr Gearóid Ó Cleircín

Tá sonraí teagmhála do gach ball foirne agus eolas níos mionchúisí ar a gcuid réimsí saineolais agus spéiseanna taighde ar fáil ar a leathanaigh próifíle ag an nasc seo a leanas: [https://www.dcu.ie/fiontar_scoilnagaeilge/people/index.shtml]

## 4. Ag staidéar don chéim PhD

Agus tú ag staidéar don chéim PhD ag Fiontar & Scoil na Gaeilge is é do phríomhchúram ná dul i mbun clár taighde agus tráchtas a scríobh. Tugtar faoin tasc seo le tacaíocht agus treoir ó do Stiúrthóir(í). De ghnáth tugtar beirt stiúrthóirí do gach mac léinn taighde chun maoirseacht a dhéanamh ar a chúrsa staidéir, PríomhStiúrthóir agus Stiúrthóir Tánaisteach. Nuair a bheidh sé curtha i gcrích, ba chóir go gcuirfeadh do thráchtas go nuálach agus go scolártha leis an disciplín inar scríobhadh é, i bhformáid a chloíonn le Rialacháin Iarchéime na hOllscoile agus de réir na gcaighdeán acadúil a nglactar leo go hidirnáisiúnta. Le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le hionchais DCU, féach na Rialacháin Acadúla do Chéimeanna Iarchéime trí Thaighde agus Tráchtas ag an nasc seo a leanas. [https://www.dcu.ie/registry/regulations/postgraduate_regulations.shtml]

Cé go nglactar leis go minic gur cáilíocht é PhD a théann go nádúrtha le post sa saol acadúil, má chríochnaíonn tú cúrsa staidéir le haghaidh céim taighde tabharfaidh sé deis duit scileanna a fhorbairt san anailís, sa chumarsáid, sa tsláine acadúil agus sa bhainistíocht tionscadail, i measc nithe go leor eile. Is scileanna iad seo a rachaidh chun leasa duit is cuma cén chonair gairme a roghnaíonn tú ina dhiaidh sin. Chomh maith le scileanna a fhorbairt mar iad siúd atá díreach luaite, spreagfaidh do Stiúrthóir(í) agus an Ollscoil féin tú chun páirt a ghlacadh i raon modúl atá sainoiriúnaithe agus i ndeiseanna oiliúna eile a sholáthraíonn an Scoil agus an Dámh. D'fhéadfadh go n-áireofaí orthu seo modúil ábhar-shonracha a thairgtear mar eilimintí i gCosán Dochtúireachta Struchtúrtha a bhféadfadh a bheith, inter alia:

**FN521 Modhanna Taighde**
**FN532 Líonraí agus Forbairt Gnó**
**FN537 Margaíocht**
**FN568 Taighde Corpais**
**FN570 Saibhriú Teanga**
**FN538 Ríomhthráchtáil & Feidhmiúcháin Idirlín**
**FN539 Na hIlmheáin**
**FN560 Scileanna Gaeilge**
**FN558 An Dátheangachas agus Buanú na Gaeilge**

Ina theannta sin, soláthraíonn an Oifig um Staidéar Iarchéime sraith modúl (ar a dtugtar Eilimintí Oiliúna Iarchéime) atá deartha chun cabhrú leat raon scileanna a fhorbairt a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do do chlár oibre um fhorbairt phearsanta agus taighde (m.sh. Clár Ionduchtaithe Sínte, Prionsabail agus Cleachtais Teagaisc Iarchéime, agus modúl Ionracas Taighde Ar Líne atá neamh-chreidiúnaithe ach éigeantach do mhic léinn Bhliain 1. D'fhéadfadh go mbeadh modúil eile ar fáil, modúil atá deartha chun cabhrú le d'fhorbairt ghairmiúil, trí aonaid eile san Ollscoil (m.sh. scríbhneoireacht acadúil, cur i láthair comhdhála nó scileanna scríbhneoireachta CV). Is féidir leat tuilleadh eolais fúthu seo a fháil ar leathanach gréasáin na hOifige um Staidéar Iarchéime. [Https://www.dcu.ie/graduatestudies/index.shtml] Tá sé tábhachtach go lorgófá comhairle ó do

Stiúrthóirí má bhraitheann tú go mbainfeá leas as cúrsaí oiliúna ar leith a mheasann tú a bheadh úsáideach do do chuid taighde, chomh maith le d'fhorbairt ghairmiúil.

## 5. Dul Chun Cinn Acadúil le linn do Thréimhse Chlárúcháin

Mar a tugadh faoi deara in §4, tá cóip de rialacháin iarchéime na hOllscoile do chéimeanna taighde ar fáil i bhformáid leictreonach ag an nasc a chuirtear ar fáil thuas. Tabhair faoi deara le do thoil go ndéantar athbhreithniú orthu seo go bliantúil agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad faoi réir athruithe. Ba cheart duit a dheimhniú go ndéanann tú tagairt don leagan is nuashonraithe ag am ar bith, agus an nasc in §4 á úsáid agat chun é sin a dhéanamh.

### 5.1 Ag clárú den chéad uair

Ar thosú amach ar do chuid staidéir don chéim PhD, is gnách go gcláróidh tú ar chlár ar a dtugtar an clár PhD-Track. Nuair a thosaíonn tú in DCU mar mhac léinn taighde, táthar ag súil go rachaidh tú i mbun oibre go rialta agus go comhsheasmhach - ag léamh, ag scríobh agus ag cur snasa ar do scileanna taighde - agus tú ag clárú don fhorbairt ghairmiúil iomchuí chomhaontaithe agus / nó modúil chuí ábhair-shonracha. Mar a luadh thuas, déanfaidh do Stiúrthóir(í) maoirseacht agus forbhreathnú ar do chuid oibre agus ba cheart go gcuimseodh sé seo patrún comhaontaithe de chruinnithe rialta. Tabharfaidh do Stiúrthóir(í) treoir, comhairle, aiseolas agus meantóireacht duit, agus cuideoidh sé leat ar an turas i dtreo do thráchtas a chríochnú go rathúil.

De bhreis ar do Stiúrthóir(í), dáilfear ball foirne ort ón Scoil dá ngairtear Ball Neamhspleách den Phainéal. Buailfidh tú leis an mball foirne seo uair sa bhliain ar a laghad agus ba cheart breathnú air / uirthi mar fhoinse comhairle agus cabhrach eile. I gcás neamhdhóchúil go mbeidh deacrachtaí ann maidir leis an gcóras stiúrthóireachta / leis an gcaidreamh idirphearsanta nó le haon ghné de do dhul chun cinn acadúil, féachfaidh an Ball Neamhspleách den Phainéal le feidhmiú mar ghníomhaire réitigh i ndáil le cibé saincheist a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

### 5.2 Athbhreithniú Bliantúil ar Dhul Chun Cinn (PGR2)

I mí na Bealtaine nó go luath i mí an Mheithimh de gach bliain acadúil, beidh painéal agat lena n-áireofar do Stiúrthóir(í) agus an Ball Neamhspleách Painéil chun athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar do chuid oibre agus do dhul chun cinn go dtí seo. Féadfaidh Ceann na Scoile freastal air freisin, cé nach riachtanas é seo. Le linn an phróisis seo, ní mór duit do Phainéal Stiúrthóireachta a shásamh go bhfuil dul chun cinn leordhóthanach déanta agat le go gceadófaí do dhul ar aghaidh go dtí an chéad bhliain chlárúcháin eile. Cuimseoidh an t-athbhreithniú píosa scríbhneoireachta a leagtar isteach (m.sh. dréacht de chaibidil) a comhaontaíodh le do Stiúrthóir(í) roimh ré, cur i láthair gairid ag tús an chruinnithe agus plé leis an bPainéal Stiúrthóireachta faoin ábhar a chuirtear i láthair chomh maith le dul chun cinn na hoibre. De ghnáth maireann an t-athbhreithniú thart ar uair an chloig agus gheobhaidh tú aiseolas ó bhéal agus i scríbhinn ina dhiaidh. Is éard atá i gceist le gach athbhreithniú bliantúil ná foirm oifigiúil a chomhlánú agus a chur isteach, dá ngairtear Foirm PGR2. Is próiseas ar líne é seo le d'aistriú go dtí an chéad bhliain staidéir a chur ar an taifead ar an mbonn go ndearna tú an dul chun cinn riachtanach a comhaontaíodh ag athbhreithniú bliantúil na bliana roimhe sin. Ní féidir leat dul ar aghaidh le clárú don chéad bhliain acadúil eile mura ndearna tú an t-athbhreithniú

bliantúil go rathúil. Mura féidir leat do Phainéal Stiúrthóireachta a shásamh go bhfuil dul chun cinn leordhóthanach déanta agat, ní cheadófar duit dul ar aghaidh.

## 5.3 Aistriú chuig an gClár PhD (PGR3)

D'fhonn dul ar aghaidh ón Rian PhD go dtí an Clár PhD nó le bheith deimhnithe ar an gClár PhD, beidh ort dul faoi Nós Imeachta Aistrithe / Daingnithe PhD (PGR3), a bheidh ar siúl tráth nach luaithe ná 12 mhí agus tráth nach déanaí ná 21 mí tar éis dháta an chláraithe tosaigh do mhic léinn lánaimseartha agus ag am comhfhreagrach iomchuí do mhic léinn pháirtaimseartha. Is cleachtadh ar leithligh agus neamhspleách é an próiseas seo ón Athbhreithniú Bliantúil ar Dhul Chun Cinn PGR2 agus de ghnáth is éard atá ann ná píosa substaintiúil i scríbhinn a chur isteach (m.sh. dréachtchaibidil / caibidil) le scrúdú ag ball foirne seachas do Stiúrthóir(í), a fheidhmíonn mar Scrúdaitheoir Inmheánach. Caithfidh do Stiúrthóir(í) tacú le d'iarratas ar aistriú / dheimhniú agus tá sé faoi réir cruthú go sásúil i scrúdú béil, arna reachtáil i gcomhpháirt ag do Stiúrthóir(í) agus ag an Scrúdaitheoir Inmheánach. Tar éis an phróisis aistrithe / dhearbhaithe a chríochnú go rathúil, comhlánaítear Foirm PGR3, síneoidh na páirtithe go léir í agus cuirfear faoi bhráid na Clárlainne í. Ní mór an fhoirm PGR3 comhlánaithe a chur faoi bhráid na Clárlainne coicís ar a laghad roimh an gcéad chruinniú eile den Bhord um Staidéar Taighde Iarchéime (GRSB). Mura n-éiríonn leis an bpróiseas aistrithe / dearbhaithe féadtar, más iomchuí, cuireadh a thabhairt duit cibé taighde a dhéanamh a ligfidh duit céim Mháistreachta a bhaint amach trí mheán taighde.

## 5.4 Rún chun do thráchtas a leagan isteach le haghaidh Scrúdaithe (PGR4)

Trí mhí ar a laghad sula gcuirfear do thráchtas dochtúireachta i gcrích, cuirfidh tú féin agus do Stiúrthóir(í) foirm PGR4 faoi bhráid na Clárlainne ag cur in iúl don Ollscoil go bhfuil sé ar intinn agat do thráchtas a chur isteach le scrúdú agus is ar an bhfoirm seo a ainmnítear do Scrúdaitheoir Seachtrach agus Scrúdaitheoirí Inmheánacha. Tá an Stiúrthóir/na Stiúrthóirí agus an Ceann Scoile freagrach as scrúdaitheoirí atá cáilithe go cuí a roghnú agus caithfidh ainm Chathaoirleach Neamhspleách a bheith ann freisin. Caithfidh na scrúdaitheoirí seo a bheith faofa ag an mBord um Staidéar Taighde Iarchéime sular féidir aon scrúdú *viva voce* ar do thráchtas a eagrú. Caithfear an tráchtas comhlánaithe a chur faoi bhráid na Clárlainne ón áit a seolfar chuig na scrúdaitheoirí ceadaithe é. Ní cheadaítear don/do na Stiúrthóir(í) ná don mhac léinn an tráchtas a sheoladh chuig na scrúdaitheoirí.

Tá na foirmeacha seo go léir ar fáil ar líne trí leathanaigh tairsí mac léinn agus foirne faoin gcluaisín Taighde agus faoin nasc seo a leanas:
[https://www.dcu.ie/registry/application_forms.shtml#Examinations]

## 6. Eolas Úsáideach Eile

### Do chuid Freagrachtaí mar mhac léinn PhD

Is ortsa atá an phríomhfhreagracht do thráchtas PhD a chríochnú. Chomh maith le bheith ina dhúshlán intleachtúil, tabharfaidh do thráchtas críochnaithe léiriú ar do chumas oibriú go neamhspleách agus go comhsheasmhach thar thréimhse staidéir mharthanaigh. Caithfidh tú fanacht i dteagmháil rialta le do stiúrthóirí agus iad a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn an taighde. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná bualadh leo le haghaidh plé, obair scríofa a chur isteach go rialta agus go poncúil, agus gníomhaíochtaí acadúla eile a dhéanamh (e.g. freastal ar Sheimineáir Taighde Scoile agus eile agus rannchuidiú leo) de réir an amchláir a aontaítear leis na Stiúrthóirí. Ba cheart duit iad a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir faoi aon rud a mheasann tú a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar do chumas spriocanna a bhaint amach mar chuid d'aon chlár oibre comhaontaithe, seachas a n-aird a tharraingt ar fhadhbanna den sórt sin ag staid ró-mhall chun aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach. Ba chóir go mbeadh a fhios agat go n-oibreoidh baill foirne na Scoile lena gcuid mac léinn chun déileáil le haon fhadhb a d'fhéadfadh a bheith ann agus go ndéanfaidh siad gach rud is féidir chun réiteach sásúil a bhaint amach, má thugtar fógra réasúnach agus an t-eolas a theastaíonn chun é sin a dhéanamh. NÍ MÓR do mhic léinn eolas a chur ar rialacha na hOllscoile maidir le bradaíl. https://www.dcu.ie/policies/academic-integrity-plagiarism-policy

Tá bradaíl ar cheann de na cionta is tromchúisí sa saol acadúil. Déileálfaidh Coiste Araíonachta na hOllscoile le mic léinn a bhfuarthas ina dtaobh go bhfuil ábhar bradaíola acu agus beidh siad faoi réir a gceadaithe. Ba cheart do mhic léinn eolas a chur ar Chód Dea-Chleachtais Taighde DCU freisin. https://www.dcu.ie/research/research-ethics-and-integrity-dcu

Ní mór do mhic léinn cead eitice a lorg le taighde a dhéanamh ar dhaoine nó ar ainmhithe. (Mar shampla, agallamh a chur ar dhaoine, suirbhé a dhéanamh nó sonraí pearsanta a bhailiú.) Caithfear an fhoirm a líonadh agus an cead a fháil sula dtosnaítear ar aon eolas den chineál sin a bhailiú.
Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo - https://www.dcu.ie/humanities-and-social-sciences/f-rec

Féach freisin an treoir seo a leanas a bhaineann le foilsiú taighde: https://www.dcu.ie/policies/code-practice-authorship

### Ról Do Stiúrthóra (Stiúrthóirí)

Is foinsí comhairle agus treorach iad do Stiúrthóir(í) agus do Bhall Neamhspleách den Phainéal a bheidh ar fáil duit le haghaidh tacaíocht acadúil agus cuidiú le linn dul chun cinn do thaighde agus an leagan deiridh de do thráchtas á ullmhú agat. Tá sé de dhualgas orthu iad féin a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn do chuid oibre, tuairimí macánta agus cuiditheacha a thabhairt duit faoin obair seo (cibé acu a lorgaíonn tú iad nó nach ea), chun a chinntiú go bhfuil tú ar an eolas faoi chainníocht agus chaighdeán na hoibre a theastaíonn, agus amchlár a idirbheartú agus monatóireacht a dhéanamh air lena chur isteach. Gabhann siad orthu féin anailís chúramach agus

léirmheastóireacht chuiditheach a sholáthar ar an obair go léir a chuireann tú ar fáil dóibh laistigh de thréimhse ama aontaithe. De ghnáth buailfidh do Stiúrthóir(í) leat le haghaidh sceideal comhaontaithe cruinnithe foirmiúla agus d'fhéadfadh go mbeadh siad ar fáil, nuair is féidir, le haghaidh comhráití níos neamhfhoirmiúla. Tá dualgas riaracháin ar Stiúrthóirí na foirmeacha riachtanacha a leagan isteach le go gceadófaí don mhac léinn dul ar aghaidh ina gcúrsa taighde agus a dtráchtas PhD críochnaithe a thabhairt isteach. Má théann do chuid oibre chun cinn go maith agus má tá caidreamh láidir comhurramach ann, is dóigh go mbeidh do Stiúrthóir(í) ina meantóirí agus ina moltóirí agat de réir a chéile.

## Ag glacadh leis an gCultúr Taighde sa Scoil

Tá sé tábhachtach mar mhac léinn PhD go nglacann tú leis an gcultúr taighde a bhaineann le do dhisciplín sa Scoil. Reáchtálann Fiontar & Scoil na Gaeilge Sraith Seimineár Taighde agus ba cheart duit freastal ar na seimineáir seo go rialta. Ba cheart duit freastal freisin agus, nuair is iomchuí, cur i láthair a thabhairt ag cibé seimineáir, ceardlanna agus comhdhálacha a bhaineann le do dhisciplín a eagraíonn an Ollscoil nó institiúidí ábhartha eile agus cumainn acadúla. Tá sé seo tábhachtach má tá tú chun staid an taighde i do dhisciplín a thuiscint agus na caidrimh agus na líonraí a bhunú a d'fhéadfadh a bheith ina gcabhair duit i ngairm ar bith amach anseo sa saol acadúil.

## Do Chéim Taighde a Mhaoiniú

Tacaíonn an Scoil le mic léinn trí mheán a gcuid acmhainní féin ach tá scéimeanna seachtracha ann freisin mar iad siúd a chuireann An Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) agus gníomhaireachtaí eile chun cinn (e.g. NUI, RIA). De ghnáth éilítear ar mhic léinn a fhaigheann scoláireacht dochtúireachta tríd an Scoil iarratas a dhéanamh ar scoláireacht dochtúireachta IRC i mBliain 2 dá gcúrsa staidéir. Tá tacaíochtaí eile ar fáil trí scéimeanna arna maoiniú ag Dámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta chun cabhrú le mic léinn taighde a gcuid oibre a fhoilsiú in irisleabhair acadúla. Bronnann cuid de na cumainn agus eagraíochtaí i do dhisciplín deontais agus duaiseanna ar mhic léinn agus tabharfaidh do Stiúrthóir(í) na deiseanna seo do d'aire.

Fiontar & Scoil na Gaeilge
Teil: +353 1 700 5614
Facebook: Fiontar agus Scoil na Gaeilge - DCU
Twitter: @FiontarGaeilge.

# Fiontar & Scoil na Gaeilge

**Overview**
This overview proposes a structured 4-year PhD programme for Fiontar & Scoil na Gaeilge that will act as the umbrella programme for graduate students registered in the School with a focus on conducting discipline-based research. The student's original research is presented in thesis format and this thesis is the sole means of assessment for the award of the PhD.

**Selection and Registration**
In addition, during their period of registration students can avail of a mix of modules to provide discipline-specific knowledge, generic skills and autonomy to augment and support their postgraduate research. These will include:

- Up to 20 credits of core discipline-specific modules;
- 10 credits of core generic and transferable skills;
- Up to 20 additional credits for selected elective modules.

Students normally take 10 credits each year for Years 1-3, with Year 4 most likely focused exclusively on research, but students can tailor their work programme to suit their needs. Modules selected by students should be relevant to and support their research and agreed with their supervisor. A student may register for alternative modules other than those outlined on this structure if the original module(s) are not available, provided the alternative meets the required research/graduate training objective as agreed with the Supervisor.

Along with Level 9 modules appropriate Level 8 modules may be taken following discussion with the Supervisor and module coordinator. All students who are assigned teaching-related responsibilities are strongly encouraged to complete the module GS602 Postgraduate Tutoring Principles and Practice.

All research students in their first year of registration must also complete the relevant stream of the compulsory self-directed 'Online Research Integrity Training Module'. Students should register for their approved GTEs during the online registration process.

**Progression**
The Structured Pathway work plan for each student should be discussed and agreed in the first instance with the Supervisor and progress (including confirmation of completion of the Online Research Integrity Training Module and other modules) recorded on the annual PGR2 form.

**Induction and Training**
Research students are also encouraged to take advantage of additional training opportunities offered by the Graduate Studies Office as appropriate throughout their period of study. Year One students are expected to attend orientation sessions, the GSO- and library-run programmes and other relevant induction sessions at the time of initial registration.

# Structured Doctoral Pathway 2023-24

## Core Discipline Specific Modules

### Year 1 - 3

**Na Daonnachtí Digiteacha & An tSochtheangeolaíocht**

- Ríomhthráchtáil & Feidhmiúcháin Idirlín (**FN538/A**) (5 ECTS)
- Na hIlmáin (**FN539/A**) (5 ECTS)
- Taighde Corpais (**FN568**) (10 ECTS)
- An Dátheangachas agus Buanú na Gaeilge (**FN558**) (10 ECTS)

**Gnó, Bainistíocht, Fiontraíocht Teicneolaíocht na Faisnéise**

- Líonraí & Forbairt Gnó (**FN532/A**) (5 ECTS)
- Bainistíocht Straitéiseach (**FN533/A**) (5 ECTS)
- Margaíocht (**FN537/A**) (5 ECTS)

## Core Transferable Skills Modules

### Year 1

- Postgraduate Tutoring Principles & Practice (**GS602**) (5 ECTS)

### Year 1 - 3

- Modhanna Taighde (**FN521/A**) (10 ECTS)
- Scileanna Gaeilge (**FN560**) (5 ECTS)
- Saibhriú Teanga **(FN570**) (10 ECTS)
- Navigating the Academic Publishing Landscape (LC604) (5 ECTS)

## Elective Modules

### Year 1 - 3

- Quantitative Methods (**LG602**) (5 ECTS)
- Research Methods (**LG608**) (5 ECTS)
- Research Ethics (**TP602**) (5 ECTS)
- Uaneen Non-Contributing Module (**UM405**) (5 ECTS)
- Qualitative Research Methods (**MT610**) (5 ECTS)
- Strategies for Academic Writing (**GS608BS**) (5 ECTS)
- Engaged Research (**CM602**) (10 ECTS)

## Non-accredited Training, Workshops and Masterclasses

**Year 1**

- Graduate Studies Office Orientation Programme
- Online Research Integrity Training Module (non - accredited)

Students are encouraged to engage with centrally-offered workshops and seminars that align with their development needs at a given time. Students are also strongly encouraged to attend/present at relevant local and international conferences:

**Year 1**
- Local conference/workshop/seminar attendance and paper presentation

**Year 2**
- International conference attendance and paper presentation

**Year 3**
- International conference